


Stailc san Earnáil Phoiblí: Tonn agóide ar fud na hÉireann



Eochairfhocail: pá, idirbheartaíocht, earnáil phoiblí, tuarastal, oibrí, ceardchumann

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth a ndeachaigh thart ar 300,000 oibrí san earnáil phoiblí amach ar stailc an tseachtain seo?
2. Ainmnigh dhá ghrúpa daoine san earnáil phoiblí a luaitear sa mhír nuachta a bhí amuigh ar stailc an tseachtain seo.
3. Cad é go díreach an rud atá ag teastáil ó oibrithe san earnáil phoiblí, dar le Séamus Ó Cuilleanáin?
4. Cén rud atá ag cur isteach go mór ar phá agus ar thuarastail oibrithe san earnáil phoiblí, dar le Rósie Ní Laifeartaigh?
5. Cad atá á éileamh ag na ceardchumann ón rialtas maidir le cainteanna?
6. Cathain a bhí Áine Ní Chéidigh amuigh ar stailc go deireanach?
7. Cén rud atá an-ard faoi láthair in Éirinn, dar le Zita Ní Annraoi?
8. Cad a cuireadh ar athló sna hospidéal timpeall na tíre de bharr na stailce?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Líon na Bearnaí

Rialtas, ceardchumann, cúrsaí pá, nithe, stailceanna, lá stailce, luath, oibrí


Tharla ceann de na _____ is mó a chonacthas le fada an lá in Éirinn an tseachtain seo. Chuaigh thart ar thrí chéad míle _____ san earnáil phoiblí amach ar stailc aon lae chun a míshástacht a léiriú i leith an Rialtais. Deir na _____, a dhéanann ionadaíocht ar son na n-oibrithe seo, go bhfuil an _____ ag déanamh beag is fiú d'ábhair ghearáin na n-oibrithe. Ba mhian leis na ceardchumann go bpléifí _____ ar dtús in aon chainteanna faoi chomhshocrú nua idir an rialtas agus na ceardchumann. Teastaíonn ón Rialtas _____ eile a phlé ar dtús sula dtiocfar chomh fada le cúrsaí pá. Tá _____ eile eagraithe don Chéadaoin, an t-aonú lá is fiche de Dheireadh Fómhair. Tiocfar ar réiteach _____ nó mall, le cúnamh Dé.

Stailc san Earnáil Phoiblí: Tonn agóide ar fud na hÉireann



Gníomhaíocht Labhartha: Ag labhairt le do pháirtí ranga déanaigí plé gairid ar na ceisteanna seo a leanas.

- An raibh aithne agat ar aon duine a chuaigh amach ar stailc an tseachtain seo?
- Cad a cheapann tú faoin stailc? An bhfuil tú ar son nó in aghaidh na stailce? Cén fáth?
- An bhfuil an costas maireachtála an-ard sa tír seo, i do thuairim?
- An gcheapann tú go gcaitear go maith le hoibrithe san earnáil phoiblí sa tír seo?
- Ar mhaith leat féin a bheith ag obair san earnáil phoiblí amach anseo? Cén fáth?
- Cad a rinne tú féin ar lá na stailce?
- Cad a dhéanfaidh tú an tseachtain seo chugainn má théann an dara lá stailce ar aghaidh mar atá beartaithe?
- An bhfuil an ceart ag an Rialtas gan géilleadh d'éilimh na gceardchumann? Cén fáth?



Stailc san Earnáil Phoiblí: Tonn agóide ar fud na hÉireann



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Faoi chúrsaí pá.
2. Múinteoirí, altraí, státseirbhísigh, dochtúirí.
3. Pá cothrom agus ceart.
4. An ráta boilscithe.
5. Go dtabharfaí tús áite do chúrsaí pá sna cainteanna.
6. 17 mbliana ó shin.
7. An costas maireachtála.
8. Na scórtha míle coinne.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

Tharla ceann de na stailceanna is mó a chonacthas le fada an lá in Éirinn an tseachtain seo. Chuaigh thart ar thrí chéad míle oibrí san earnáil phoiblí amach ar stailc aon lae chun a míshástacht a léiriú i leith an rialtais. Deir na ceardchumann, a dhéanann ionadaíocht ar son na n-oibrithe seo, go bhfuil an Rialtas ag déanamh beag is fiú d'ábhair ghearáin na n-oibrithe. Ba mhian leis na ceardchumann go bpléifí cúrsaí pá ar dtús in aon chainteanna faoi chomhshocrú nua idir an rialtas agus na ceardchumann. Teastaíonn ón Rialtas nithe eile a phlé ar dtús sula dtiocfar chomh fada le cúrsaí pá. Tá lá stailce eile eagraithe don Chéadaoin, an t-aonú lá is fiche de Dheireadh Fómhair. Tiocfar ar réiteach luath nó mall, le cúnamh Dé.